










Soláthar an

# Chreata Teidlíochta Roimh an Bhliain 2013

## Treoir Do Scoileanna ar an Chéad Chéim Eile Den Fheidhmiú

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Meitheamh 2010

# TREOIR

**Leathanach**


RANNÁN 1: AN CHREATLACH TEIDLÍOCHTA (CT)

1.1 An Comhthéacs Polasaí ........................................................ 1

- Réasúnaíocht leis an Chreatlach Teidlíochta ...................... 1

1.2 An CT a sheachadadh ........................................................ 2

- Comhoibriú agus peirspictíocht cheantair maidir le pleanáil churaclaim ............... 2
- An áit a bhfuilimid anois: .................................................. 4
  - Forbairtí dearfacha ........................................................ 5
  - Cad é atá le déanamh go fóill? .................................... 6

1.3 Cur i bhfeidhm – Ag aistriú go Céim II ................................. 8

- Príomhfhreagrachtaí ........................................................ 8
- Pobail Fhoghlama Ceantair i gCéim II ............................... 10
- Coláistí Breisoideachais .................................................. 11
- Ról an ETI in Céim II – Athchóiriú ar Ghairmcháilíochtaí ...................................... 11
- Mú nla Curaclaim ............................................................. 12
- Leasú ar Ghairmcháilíochtaí .............................................. 12
- Riachtanais Speisialta Oideachais agus an CT ........................... 13
- Leas a bhaint as Poitéinseal Teicneol ................................ 14

RANNÁN 2: TACAÍOCHT AIRGEADAIS I GCÉIM II

2.1 Comhthéacs agus prionsabail tacaíochta airgeadais ............................................ 15

- Tacaíocht Dhíreach do Scoileanna sa Bhliain 2010/11 ...... 16

  i. Gné an Mhéadaithe Fheidhmigh .................................. 16

  ii. Foirmle Iniúchta .......................................................... 16

  iii. Gné Chomhoibrithe ..................................................... 17

- Scoileanna Speisialta agus SEN i bpríomhshruth ............. 18

2.2 Cur i bhfeidhm Phleananna PFC 2010/11 ............................ 19

- Cuntasacht agus Luach ar Airgead ..................................... 20

RANNÁN 3: IARSCRÍBHINNÍ

3.1 Creatlach Polasaí Ro ........................................................ 22

3.2 Foirmle Bhonnlíne Iniúchta Ar Líne Ghné Ct ........................ 23

- Fachtóirí Ualaithe ............................................................. 23

3.3 Eiseamláirí Ro De Mhaoiniú Comhoibrithe .......................... 25

3.4 Imlíne Theimpléad An Phlean Ghníomhaithe ....................... 26

3.5 Clár Ama Le Haghaidh Gníomhú Agus Dáileadh Maoinithe ............................... 34

3.6 Ceisteanna Coitianta ......................................................... 35

3.7 Treoir Bhreise ..................................................................... 41

# RANNÁN 1: AN CHREATLACH TEIDLÍOCHTA (CT)

## 1.1 An Comhthéacs Polasaí

### Réasúnaíocht leis an CT

Tá an Chreatlach Teidlíochta á tabhairt isteach mar chuid d'fhócas na Roinne ar chuidiú le gach duine óg a phoitéinseal iomlán a bhaint amach.

Do dhaltaí ag Eochairchéim 3 agus ag leibhéal níos airde ná sin, is creatlach atá ann shuífidh lámh ar lámh le croí reachtúil laghdaithe an churaclaim athbhreithnithe, a léireoidh dul chun cinn ó riachtanais an churaclaim ag Eochairchéim 3 agus ag leibhéal níos ísle ná sin agus a chinnteoidh gur féidir le daoine óga, ó aois 14, rochtain a fháil ar réimse níos leithne agus níos cothroime cúrsaí agus bealaí a bhainfidh lena gcuid riachtanas agus suimeanna agus a chuideoidh leo gnóthachtáil go maith mar dhaoine fásta i gcúrsaí an tsaoil agus i gcúrsaí oibre.

Tá an réasúnaíocht le leibhéal na roghanna do dhaltaí a mhéadú díreach: tá a fhios againn go n-éireoidh go le daoine óga gairm bheatha a bhaint amach más féidir leo cúrsaí a leanstan a spreagfaidh iad agus a mbeidh suim acu iontu, trí bhreisoideachas nó ardoideachas nó trí oiliúint a fháil. Is mó an seans go bhfanfaidh foghlaimeoirí le cúrsaí oideachais má amharcann siad ar an am a chaitheann siad ar scoil mar am atá bainteach le hábhar.  Cuidíonn sé seo le caighdeáin níos fearr a aimsiú, le líon na ndaoine a fhanann ar scoil a fheabhsú; le seansanna saoil daoine a fheabhsú; agus bíonn tionchar dearfach aige seo ar fheidhmíocht an gheilleagair.

Agus cinnte a dhéanamh de go mbíonn rochtain níos fearr ag foghlaimeoirí ar thairiscint leathan agus chothrom, is mian leis an CT cothromaíocht níos fearr rochtana a sholáthar do dhaoine óga a bhfuil contaiscí foghlama rompu nó a bhfuil míbhuntáiste acu.

Ba chóir go gcruthódh an réimse cúrsaí atá ar fáil cáilíochtaí inchreidte a osclóidh bealaí réadúla le dul chun cinn a dhéanamh, is cuma i gcúrsaí fostaíochta nó i gcúrsaí breisoideachais (nó an bheirt acu).

Ba chóir go ndíreodh an scoil ar churaclam soiléir atá bainteach le hábhar a sholáthar dá cuid dalta uile. Tá na "huimhreacha" (24/27) tábhachtach, ach mar thomhais amháin den méid atá i gceist le tairiscint leathan agus chothrom churaclaim. Is táscaire iad, ach sin amháin; má bhíonn barraíocht fócais ar na huimhreacha nó ar "chomhlíonadh" is féidir go rachadh sé sin in aghaidh aidhmeanna na CT. Tá na huimhreacha foriomlána i bhfeidhm le bealach a sholáthar le fairsinge thairisceana a thomhas; agus ina dhiaidh sin tá riachtanas na CT le haghaidh 1/3 cúrsaí feidhmeacha in áit le cuidiú le cothromaíocht agus le saibhreas na tairisceana sin. Tá luach le cúrsaí feidhmeacha do dhaltaí de gach cumas, is iad sin cúrsaí a bhaineann le réimse gairme (cé acu a bhaineann sé le post nó le hearnáil faoi leith) agus cruthaíonn siad fíordheiseanna le dul chun cinn a dhéanamh. Léiríonn na figiúirí "24/27" sprioc dhúshlánach ach indéanta do scoileanna le tosú ar bhuntáistí na CT do gach dalta a thuiscint.

## 1.2 An Ct A Sheachadadh

Tá ról ag an Roinn, na forais tacaíochta san earnáil agus comhpháirtithe eile i gcúrsaí oideachais le seachadadh éifeachtach a chinntiú. Ní féidir, áfach, ach leis an scoil aonair féin cinneadh a dhéanamh faoin tairiscint churaclaim ba chóir a bheith ann dá cuid daltaí agus léiríonn seasamh reachtúil na CT é seo. De réir na reachtaíochta[1], is ar Bhord Gobharnóirí gach scoil dheontaschúnta a luíonn sé an CT a sheachadadh. Ní mór do phríomhoidí agus Boird Ghobharnóirí dá bhrí sin leanúint de bheith mar phríomhthiománaithe chur i bhfeidhm na CT, ag léiriú, ar mhaithe lena gcuid daltaí féin, ceannasaíocht fhíseach ag leibhéal na scoile agus ina gceantar áitiúil féin.

### Comhoibriú agus peirspictíocht cheantair le haghaidh phleanáil an churaclaim agus seachadadh na CT

Is féidir go soláthróidh institiúidí comhoibritheacha i bhfad níos mó deiseanna do dhaoine óga, agus scoileanna ag tarraingt ar na hacmhainní agus ar an saineolas atá ann lena bhfuil ar fáil dá gcuid daltaí a mhéadú. Ba chóir go n-amharcfaí ar chomhoibriú mar bhealach costéifeachtach le haidhmeanna na CT a sheachadadh,

[1] an tOrdú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006, Airteagail 18 go 22, go huile.

ní mar thoradh ann féin, cé gur féidir buntáistí breise a bheith ann i gceantar, ar nós tionchar dearfach ar chomhtháthú sóisialta. Nuair a tharlaíonn comhoibriú is féidir le scoileanna acmhainní a chur le chéile agus soláthar a phleanáil ar leibhéal ceantair ar bhealach soiléir, ag amharc ar eolas faoin mhargadh saothair áitiúil agus réigiúnach, mar shampla, agus ag cur sholáthar an churaclaim leis na deiseanna a sholáthraíonn sé seo. Ba chóir go n-aithneofaí sa chomhoibriú seo an t-ionchur a bhíonn ag soláthróirí nach scoileanna iad. Ní bheadh sé praiticiúil ná inmhianaithe scoileanna a threalmhú leis na hacmhainní speisialta agus teicniúla úrscothacha atá ar fáil inár gColáistí Breisoideachais. Ina ainneoin sin, is féidir leis an rochtain ar chúrsaí agus ar bhealaí a éascaítear mar gheall ar na hacmhainní seo a bheith an-úsáideach don scoil, don duine óg agus do riachtanais an gheilleagair agus, de réir mar a bhogfaimid i dtreo chur i bhfeidhm iomlán na CT, beidh sé de rún go mbeidh ról níos mó ag breisoideachas, go háirithe i seachadadh cúrsaí feidhmeacha d'ardchaighdeán agus costaséifeachtach agus i seachadadh na gcúrsaí gairmiúla/teicniúla a bheidh oiriúnach do dhaltaí iar-16 bliana d'aois. Ní mór do sholáthar costéifeachtach a bheith ina sholáthar inbhuanaithe agus meastar go láidir go gcaithfidh daltaí bunús an ama taobh istigh dá n-institiúidí baile agus go mbeidh rochtain acu ar an soláthar sin le linn an ghnáthlae scoile in áit le linn cúrsaí oíche.

Tá sé iarrtha ag an Roinn, taobh istigh den Athbhreithniú ar an Chlár Caipitil, go ndéantar cinnte de go bhfuil gach moladh iarbhunscoile ar infheistíocht chaipitil ábalta agus ag obair cheana féin i dtreo an Chreatlach Teidlíochta a sheachadadh ó 2013 ar aghaidh.

De réir mar a fhorbrófar pleanáil cheantarbhunaithe, beidh an CT mar phríomhbhreithniúchán polasaí a mbainfear úsáid as le riachtanas a chinntiú ar bhonn ceantair. Cé go dtitfidh an dualgas seo ar an Údarás Oideachais agus Scileanna (nuair a bhunófar é) is féidir le scoileanna anois, trína bPobal Foghlama Ceantair, ina n-aonair agus le chéile, amharc ar sheachadadh agus é a phleanáil ar bhonn ceantair. Soláthraíonn sé seo deis mhór le comhfhís a fhorbairt maidir leis an CT agus comhfhreagracht chun í a sheachadadh do gach duine óg i gceantar in áit in institiúidí faoi leith.

## An áit a bhfuilimid anois

Nuair a foilsíodh "Together Towards Entitlement" (TTE) sa bhliain 2009 is amhlaidh gur cuireadh ar fáil ann measúnacht luachmhar ar an áit a bhfuil an córas oideachais ag an phointe seo maidir leis an CT a chur i bhfeidhm agus tugadh moltaí úsáideacha ann faoin bhealach chun tosaigh. Ar a bharr sin, tá inchur ag gach iar-bhunscoil ar an Iniúchadh Ar Líne do na trí bliana seo caite agus is féidir go mbeidh na sonraí a chuirfear ar fáil ann ina ghléas cumhachtach do scoileanna agus eile. Mar gheall air seo fosta bhí an Roinn in ann monatóireacht a dhéanamh, ar leibhéal ard ar dhul chun cinn i dtreo na CT a sheachadadh.

Leag an tAire amach go soiléir ina hóráid nuair a seoladh TTE (agus sa litir a chuir sí chuig gach iar-bhunscoil ina dhiaidh) an CT laistigh den chlár foriomlán leasaithe, go háirithe a fís maidir le scoileanna rathúla mar a léiríodh in ESAGS *(Every School a Good School*/ Gach Scoil ina Scoil Mhaith). Ba í an teachtaireacht láir ón Áire go mbeadh gá leis an chur i bhfeidhm a bheith níos gasta go suntasach dá mba réadúil í an sprioc 2013 leis an CT a sheachadadh.

Le 4 bliana anuas tá dul chun cinn suntasach déanta ag scoileanna maidir leis an CT a sheachadadh. Tá an t-am ann anois, áfach, tabhairt faoi roinnt míthuiscintí a tháinig chun cinn le linn plé le scoileanna.

## Comhlíonadh

- Baineann an CT le scoileanna ag leathnú a dtairisceana curaclaim le leas a gcuid daltaí, ní bhaineann sé le tabhairt ar scoileanna líon riachtanach cúrsaí a sheachadadh.

- Baineann an CT le cúrsaí ábhartha d'ardchaighdeán dá gcuid daltaí a shainaithint agus rochtain a sholáthar iad féin trí sholáthróirí eile. Ní bhaineann sé le scoileanna ag tarraingt le chéile cibé cúrsaí is féidir leo ionas gur féidir leo na spriocanna atá leagtha amach ag an RO a chomhlíonadh.

## Comhoibriú

- Bealach chun críche is ea seachadadh na CT; ní dhéantar é ar mhaithe lena dhéanamh agus ní bhaineann an CT le comhoibriú ar mhaithe le comhoibriú.

- Comhghuaillíochtaí deonacha is ea PFC is féidir a bheith ina bhfóram úsáideacha le comhoibriú a phleanáil le riachtanais daltaí i gceantar a shásamh agus le béim a chur ar cháilíocht agus ar dhea-chleachtas. Is iad na scoileanna féin a shocraíonn comhdhéanamh PFC.

- Is uirlisí riachtanacha iad pleananna PFC ionas gur féidir le PFC soláthar a phleanáil ar bhealach intuigthe agus spriocanna a shainaithint idir anois agus 2013. Ní teimpléid RO iad pleananna gníomhaithe PFC a bheidh le comhlíonadh le rochtain a fháil ar an sruth maoinithe.

## Forbairtí Dearfacha

Níl aon amhras go bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta le roinnt blianta anuas. Mar shampla, maítear sna moltaí a rinne Coimisiún TÉ le haghaidh Oideachas Caitliceach ina chuid moltaí faoi Athbhreithniú um Oideachas Iarbhunscoile go bhfuil rún aige: “a network of quality schools guaranteeing access to a curriculum that will meet the needs of all the pupils within the context of the Entitlement Framework.”

Léiríonn idir an TTE agus na sonraí iniúchta Ar Líne fianaise ar an méid a baineadh amach go dtí seo agus an dóigh a bhfuil rochtain ag leathnú. Mar shampla:

Fianaise ón TTE

- Glactar go leathan le coincheap na CT; tá scoileanna go ginearálta ag iarraidh curaclam níos leithne a thairiscint dá gcuid daltaí ag EC4 ar aghaidh.

- Feiceann scoileanna an luach agus an tábhacht a d'fhéadfadh a bheith le comhoibriú mar bhealach le rochtain a fheabhsú ar réimse níos leithne de bhealaí curaclaim dá gcuid daltaí.

- Tá na hacmhainní, an saineolas agus an poitéinseal ag an earnáil bhreisoideachais le réimse leathan de chúrsaí gairmiúla agus teicniúla a sholáthar do dhaltaí 14-19 bliana d'aois ar féidir agus ar chóir dóibh soláthar na scoileanna féin a chomhlánú;

Fianaise ó Iniúchadh na CT

- Tá naisc chomhoibritheacha bunaithe ag bunús na scoileanna, lena n-áirítear scoileanna speisialta le soláthróirí eile, go háirithe breisoideachas agus is baill rannpháirtíocha iad de Phobail Fhoghlama Ceantair (PFC).

- Tháinig méadú 40% ar líon na scoileanna atá ag soláthar cúrsaí ag EC4 ó 2007/08. Tháinig méadú 66% ar líon na scoileanna atá ag ofráil 27 cúrsa nó níos mó ag iar-16.

- Mhéadaigh beagnach faoi dhó céatadán na scoileanna neamhroghnacha a sheachadann 24 cúrsa nó níos mó ag EC4 ar cúrsaí feidhmeacha iad 1/3 acu ó 2007/08 go 2009/10.

- Sna blianta 2009/10, tá 36% de sholáthar EC4 agus 46% ag iar-16, rangaithe mar fheidhmeach.

## Cad é atá le déanamh go fóill?

Léiríonn an fhianaise, áfach, go bhfuil cuid mhór oibre le déanamh go fóill agus go bhfuil luas an athraithe míchothrom. Mar shampla:

Fianaise ón TTE

- Cé go bhfuil cuid mhór dul chun cinn déanta sna blianta deireanacha seo, níl ach líon an-bheag scoileanna ábalta ag an phointe seo CT iomlán forbartha a sholáthar.

- Tá gá le tuiscint níos fearr ar luach na gcostas feidhmeach.

- Tá níos lú ná 10 dalta cláraithe ar líon suntasach cúrsaí atá á dtairiscint i láthair na huaire.

- Níltear ag baint feidhme as poitéinseal iomlán an bhreisoideachais.

- Tá PFC ar leibhéil áirithe forbartha agus tá comhghaol díreach idir céim forbartha an PFC agus an ghníomhaíocht chomhoibríoch leis an CT a sheachadadh.

Fianaise ó Iniúchadh na CT

- I 2009/2010, ní sheachadann mórán scoileanna an líon is lú cúrsaí leis an chothromaíocht ghinearálta chuí/fheidhmeach atá de dhíth faoi réir na CT ag EC4 agus níos lú fós ag iar-16.

Tuigeann an Roinn na céimeanna suntasacha a glacadh go dtí seo agus ní mheasann sí faoina luach an dúshlán atá roimh scoileanna. Mar an gcéanna, aithníonn an RO an cheannaireacht atá léirithe ag Príomhoidí áirithe. Is fianaise air seo iad na 29 PFC a bunaíodh, cé go bhfuil siad ag pointí áirithe forbartha. Léiríonn an fhianaise gur ardaíodh tuiscint, gur forbraíodh caidreamh agus go bhfuil samhlacha dea-chleachtais forbartha. **Tá sé soiléir, áfach, go bhfuil gá le cur i bhfeidhm níos gasta má bhítear chun na deiseanna a sholáthróidh an CT dár ndaoine óga a thabhairt chun réadúlachta faoi 2013.**

## 1.3 Cur I Bhfeidhm: An Taistriú Chuig Céim II

I dtéarmaí pleanála polasaí, is féidir amharc ar chur i bhfeidhm na CT mar shamhail 3 chéime, agus Céim II ag tosú ó thús na scoilbhliana 2010/11.

Léiríonn an léaráid seo thíos an cur chuige:

| 2006/07–2009/10 | 2010/11–2012/13 | 2013/14 on |
|---|---|---|
| **Céim I:**<br>**Tógáil Cumais**<br>Tuiscint ar choincheap<br>Caidreamh a thógáil<br>Roghanna a fhiosrú | | |
| | **Céim II: Seachadadh**<br>Fócas ar spriocanna agus ar thorthaí cinnte<br>Méadú céimiúil sa tairiscint i dtreo CT iomlán | |
| | | **Céim III: Comhdhlúthú**<br>CT ina réaltacht<br>Leantar de leathnú rochtana, beartaithe ag leibhéal ceantair |

### Príomhdhualgais

Mar atá léirithe thuas, is ar na scoileanna féin a thitfidh sé an luas athraithe seo a mhéadú, leis an tacaíocht chuí ón RO, ELBS/CCMS/NICIE/CnaG (agus ESA nuair a bhunófar é). Tá príomhfhreagrachtaí na gcomhpháirithe uile i gCéim II léirithe thíos.

Déanfaidh an RO a leanas:

- Leagfaidh amach ceannasaíocht shoiléir straitéiseach, ag cur na CT i gcomhthéacs ráitis ó RO/DEL ar sholáthar 14-19 bliana d'aois.

- Rachaidh i ngleic le ceisteanna níos leithne agus níos gaolmhaire polasaí – mar shampla ar chinntí maidir le tograí caipitil, socruithe iontrála, scoileanna inbhuanaithe agus maoiniú LMS – lena chinntiú go dtacóidh polasaithe leis an CT.

- cuirfidh polasaithe agus cuspóirí in iúl do scoileanna, do dhaltaí, do thuismitheoirí agus don phobal mhór ar bhealach soiléir agus intuigthe, ag leagan amach na réasúnaíochta leis an CT agus an luach a bhaineann le cúrsaí feidhmeacha; agus

- soláthróidh spriocacmhainní do scoileanna le cuidiú le seachadadh na CT, agus fócas ar thorthaí sainiúla agus inmheasta.

Déanfaidh ELBS (le tacaíocht ón earnáil phoiblí agus ESA nuair a bhunófar é)a leanas:

- cinnteoidh go mbeidh na socruithe tacaíochta a bheidh i bhfeidhm do scoileanna comhsheasmhach agus d’ardchaighdeán, ag glacadh cur chuige réigiúnach ach ag cinntiú seachadta ar bhonn áitiúil.

- cinnteoidh go gcoinneoidh na struchtúir tacaíocht leanúnachas idir na gnéithe eile den churaclam athbhreithnithe agus an CT.

- cuirfidh i bhfeidhm samhail tacaíochta a chumasóidh agus a chumhachtóidh scoileanna a gcuid freagrachtaí de réir na CT a chomhlíonadh.

Déanfaidh scoileanna a leanas

- ar bhonn aonair agus ar bhonn ceantair tabharfaidh scoileanna faoi athbhreithniú ar a gcuirfidh siad ar fáil ag 14+ agus ag 16+ lena chinntiú go mbeidh ardchaighdeán leis, go mbeidh sé leathan, cothrom, soiléir agus inbhuanaithe agus a bhainfidh le riachtanais gach duine óig agus an gheilleagair; agus

- ar bhonn aonair agus ar bhonn ceantair leagfaidh síos spriocanna SICRU do na céimeanna a bheidh de dhíth leis an CT a sheachadadh faoi 2013 agus cuirfidh i bhfeidhm socruithe éifeachtacha monatóireachta agus measúnachta.

De réir mar a bhogaimid i dtreo bhunú ESA, oibreoidh an RO le ELB agus le grúpaí eile tacaíochta agus le húinéirí na scoileanna agus leo siúd a chuireann an scoileanna chun cinn lena chinntiú go mbeidh bainistíocht athraitheach na socruithe tacaíochta mar ghné lárnach den chlár is leithne inréimnithe agus go bhforbrófar samhail tacaíochta a bheidh oiriúnach do Chéim II. Díreofar é seo ar chuspóirí a chumasóidh scoileanna le glacadh lena bhfreagrachtaí de réir na CT agus iad a chomhlíonadh.

Léireoidh an chuid eile den cháipéis seo agus an rannán ar na socruithe maoinithe do na blianta 2010/11 an dóigh an soláthróidh an RO tacaíocht do scoileanna don scoilbhliain 2010/11

## Pobail Fhoghlama Ceantair i gCéim 2

Mhol an TTE go dtacófar le coincheap an PFC agus go bhforbrófar é. Leanfaidh an RO de seo tríd an ghné Chomhoibritheach de shocruithe maoinithe 2010/11, cé go raibh roinnt athruithe leis an teimpléad sainordaitheach, agus béim níos mó ar thorthaí, go háirithe maidir le seachadadh cúrsaí (féach an rannán airgeadais le haghaidh sonraí). Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara nach n-amharctar ar na PFC mar thoradh iontu féin in ainneoin go dtacaíonn an RO go fóill le coincheap an PFC. Ar an dóigh chéanna is socruithe deonacha iad na PFC agus níor chóir amharc ar an mhúnla atá orthu i láthair na huaire mar mhúnla atá greanta i gcloch. Ba chóir go ndéanfadh scoileanna síor-athbhreithniú ar na socruithe seo lena chinntiú go mbeidh siad oiriúnach, deartha lena chinntiú go mbeidh béim ar dhaltaí agus ar a riachtanaisagus scoileanna, agus níor chóir dóibh a bheith srianta mar gheall ar fhachtóirí ar nós spéiseanna earnála nó teorainneacha ELB. Mar atá luaite thuas, ní mór d'fhócas phleanáil agus sheachadadh an churaclaim a bheith ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí i gceantar agus ní ar riachtanais institiúidí.

Tá cuid mhór dea-chleachtais ag dul ar aghaidh sna PFC, agus cur chuige nuálaíoch agus samhlaíoch á gcur i bhfeidhm le dul i ngleic le dúshláin. Táthar ag dul i ngleic i réimsí áirithe le ceisteanna ar nós méideanna beaga ranganna, comhoiriúnú amchlár, roinnt múinteoir srl trí scoileanna a bheith ag obair le chéile agus cinnteoidh an RO, an foras tacaíochta, go dtacófar agus go scaipfear an dea-chleachtas

seo. D'oibrigh an RO hOifigigh Forbartha na CT le roinnt eiseamláirí a shainaithint agus scaipeadh na sonraí ag Comhdháil na CT ar an 25 Bealtaine. Tá sé seo in ainm is a bheith ina chéim bhreise le gréasán féintacaíochta de scoileanna a chruthú i gceantair áitiúla, ag forbairt agus ag roinnt cur chuige agus réiteach.

### Coláistí Breisoideachais i gCéim II

Bíonn ionadaíocht go forleathan ag breisdoideachas ar chruinnithe PFC agus cuireann an Roinn fáilte roimhe seo. Cruthaíonn sé deis mhór do scoileanna tógáil ar an socrú seo agus comhpháirtíocht straitéiseach a chruthú leis an earnáil bhreisoideachais. Chomh maith le rochtain a sholáthar ar acmhainní agus ar dheiseanna nach bhfuil ar fáil do scoileanna, soláthraíonn an earnáil bhreisoideachais rochtain ar eolas agus ar anailís faoin mhargadh fostaíochta agus faoi na bealaí feidhmeacha comhfhreagracha chuig breisoideachas, traenáil agus fostaíocht.

Bhunaigh an Roinn Fostaíochta agus Foghlama, ag obair le fostóirí, le Comhairlí Ceantair agus le páirtithe eile gaolmhara, **Fóraim Forbartha Fórsa Saothair (WDF)**, i ngach ceann de na sé cheantair de choláistí breisoideachais. Duine tábhachtach áitiúil i gcúrsaí gnó atá mar chathaoirleach i ngach ceann de na WDF agus iarrann sé ainmniúcháin mar bhaill de na WDF ó ghrúpaí áitiúla áirithe a bhfuil spéis acu ann lena n-áirítear ionadaithe ó Chomhairle Scileanna Earnála TÉ.

Tugann na sé WDF le chéile na taobhanna éilimh agus soláthair de cheist na scileanna le riachtanais áitiúla maidir le hoiliúint scileanna a shainaithint agus le freagra straitéiseach a chur le chéile ar na riachtanais sin. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an nasc seo a leanas:

www.delni.gov.uk/index/publications/del-response-to-recession/workforce-dev-forum.htm

### Ról an ETI i gCéim II

Tá rochtain anois ag Cigirí Ceantair ar gach Plean Gníomhaithe PFC agus ar rannáin na sonraí iniúchta ar líne. Beidh siad in ann eolas

faoina mbíonn le tairiscint ag scoileanna maidir leis an churaclam a chur isteach sa phróiseas cigireachta, ag cinntiú go mbeidh pleanáil churaclaim leis an CT a sheachadadh á ceangail mar is ceart le Pleananna Forbartha Scoile agus le dáileadh acmhainní.

Beidh an ETI in ann measúnachtaí cáilíochtúla ar oiriúnacht agus ar shoiléireacht thairiscint churaclaim na scoile i dtuarascálacha na cigireachta a chur ann. Measfaidh cigireacht cumas bhainistíocht shinsearach scoile tairiscint chuí agus shoiléir churaclaim a sholáthar, trí fhorbairt éifeachtach churaclaim, trí chomhoibriú aguas trí sholáthar CEIAG. Ligfidh sé seo don RO monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn aidhmeanna na CT ar bhealach cáilíochtúil a chomhlánóidh Iniúchadh Ar Líne na CT>

### Samhlacha Curaclaim

Tá an RO ag forbairt sraith de shamhlacha curaclaim (ina mbeidh comhairle ETI faoi dhea-chleachtas) le cuidiú le scoileanna na cineálacha bealaí ar féidir le daoine óga a bhfuil réimse áirithe cumas iontu rochtain a fháil orthu ó chúrsaí feidhmeacha agus fíorluach na gcáilíochtaí seo a chur in iúl dóibh. Fógrófar tuilleadh sonraí faoin obair seo go luath sa scoilbhliain 2010/11.

### Athbhreithniú Gairmcháilíochtaí

Tuigfidh scoileanna go bhfuil tírdhreach na ngairmcháilíochtaí de shíor ag fabhrú. Tá baint lárnach ag tabhairt isteach na Creatlaí um Cháilíochtaí agus Chreidmheasa (QCF) leis na leasuithe móra atá anois i bhfeidhm le haghaidh gairmcháilíochtaí. Tá rún ann an córas a dhéanamh níos sothuigthe agus so-úsáidte agus le hinrochtaineacht, le hábharthacht agus solúbthacht a mhéadú le haghaidh foghlaimeoirí.

Eascraíonn an tsolúbthacht ó na cáilíochtaí QCT a bheith comhdhéanta d’aonaid bunaithe ar chreidmheas ar féidir iad a bhronnadh go leithleach agus is é bonn aonaid seo na gcáilíochtaí a sholáthraíonn breis solúbthachta agus a mhéadaíonn rochtain ar na cáilíochtaí. Cláraítear foghlaimeoirí le haghaidh gairmcháilíochtaí agus déantar a gcuid gnóthachtálacha a thaifeadadh ag leibhéal an aonaid. Bunaítear gnóthachtáil na gcáilíochtaí ó na comhaonaid ar

rialacha comhaontaithe na gcomhaonad. Beidh an CT solúbtha go leor le freastal a dhéanamh air seo ach ag an am chéanna struchtúr cuí a thabhairt isteach lena chinntiú go leanfar d'aidhmeanna agus de chuspóirí a bhaint amach.

Meastar go mbainfear úsáid bhreise as cáilíochtaí QCF mar chuid de ghné fheidhmeach na CT, go háirithe nuair a thabharfar san áireamh ábharthacht an fhostóra agus an tsolúbthacht seachadta a bheidh lárnach sna cáilíochtaí seo.

Cuirfear tuilleadh sonraí faoi cháilíochtaí QCF ar fáil do scoileanna in am do théarma an Fhómhair agus eiseoidh an RO miontreoracha ar an chaidreamh idir leasuithe cáilíochtaí, go háirithe sa QCF, agus sa CT sa scoilbhliain 2010/11. Idir an dá linn, ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara, faoi réir bhunú an QCF, go mbeidh ar fhoghlaimeoirí Uimhreacha Uathúla Foghlaimeoirí (ULNs) a fháil agus eiseofar tuilleadh comhairle ina dhiaidh faoi na gníomhaíochtaí a bheidh de dhíth le ULN a fháil, ó Mheán Fómhaiar 2010 ar aghaidh, do dhaltaí ar bith a leanfaidh nó ar dócha a leanfaidh cúrsaí ar an QFC.

## Riachtanais Speisialta Oideachais agus an CT

Ceann de na forbairtí is dearfaí le 4 bliana anuas is ea an ról a bhí ag an earnáil na Scoileanna Speisialta sna Pobail Fhoghlama Ceantair agus an seachadadh comhoibritheach méadaithe atá i bhfeidhm do dhaltaí ar na scoileanna seo, go háirithe maidir le comhoibriú le breisoideachas.

Leanfaidh an RO de thacaíocht a thabhairt don obair seo. Tuigimid an gá le polasaí na CT atá iomlán forbartha a chur i bhfeidhm a bhainfidh leis na daltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu i suíomhanna príomhshrutha agus speisialta ar aon. Tuigimid fosta gur féidir leis seo a bheith doiligh mar gheall ar an chóras cáilíochtaí atá i bhfeidhm faoi láthair.

Tá an RO ag obair leis an ETI, le CCEA agus leis na scoileanna féin lena chinntiú go mbeidh an ráiteas polasaí seo (agus socruithe gaolmhara maoinithe) i bhfeidhm don scoilbhliain 2011/12.

### Ag baint leasa as poitéinseal na dTeicneolaíochtaí Foghlama

Léirigh an TTE an poitéinseal iontach atá le ICT/ILT maidir le leas daoine óga i dtéarmaí an tairiscint churaclaim a leathnú, ag méadú foghlama agus teagaisc agus ag cumasú foghlaimeoirí. Ar an dul chéanna, is féidir leis na teicneolaíochtaí seo tionchar dearfach a imirt ar cheisteanna do scoileanna/PFC ar nós:

- ag íoslaghdú thaisteal na múinteoirí/na ndaltaí idir institiúidí, trí chianfhoghlaim ar líne agus/nó foghlaim chomhoibritheach;
- socrú amchláir;
- úsáid níos éifeachtaí a bhaint as feidhmíocht agus sonraí eile;
- aistriú sonraí; agus
- forbairt ghairmiúil roinnte ar líne.

Léirigh an TTE fosta nach bhfuil go leor úsáide á baint sa chóras oideachais as an infheistíocht mhór a rinneadh san infreastruchtúr ICT/ILT i scoileanna agus in institiúidí breisoideachais anseo. Ní mór go bhfeicfí comhpháirtithe i gCéim II ag obair le chéile leis an phoitéinseal seo a uasmhéadú agus leanfaidh an RO dá ról a imirt maidir le tacú leis seo.

Gné shuntasach amháin d’infheistíocht na Roinne le cumas múinteoirí teagasc ar líne a phleanáil agus a sholáthar a fhorbairt ab ea tríd an chlár Foghlaim ar Líne do Mhúinteoirí agus Oideachasóirí a chuir an tAonad Traenála Réigiúnaí ar fáil. Acmhainn luachmhar do scoileanna agus do PFC is iad na múinteoirí a hoileadh go data agus tá sé thar a bheith tábhachtach go mbainfear leas iomlán as an saineolas seo agus go mbeidh sé le feiceáil i bPleananna Gníomhaithe PFC.

Ba chóir go dtuairisceodh gach PFC ina Phlean Gníomhaithe an chéim atá bainte amach ann agus pleanáil á déanamh le soláthar an chúrsa a fhorbairt, roinnte ar líne sa PFC agus ag PFC eile. Táthar ag súil leis faoi Mheitheamh 2013 go mbeidh úsáid bainte ag an PFC as saineolas a gcéimithe OLTE le píolotú a dhéanamh ar chúrsa amháin comhoibritheach agus creidiúnaithe, cumaiscthe ar líne, aitheanta faoin CT.

# RANNÁN 2: Socruithe Tacaíochta Airgeadais Do Chéim II

## 2.1 Comhthéacs agus prionsabail na tacaíochta airgeadais

Ceannaireacht a bheidh mar phríomhthiománaí i leith athraithe i gCéim II RO chur i bhfeidhm na CT, go príomha ó scoileanna agus ó Phríomhoidí féin, ach chomh maith leis sin ó fhorais tacaíochta agus ón Roinn. Níor chóir go n-amharcfaí ar an tóir ar mhaoiniú mar inspreagadh le dul i ngleic le seachadadh comhoibritheach na CT.

Tá sé go fóill tábhachtach go ndéanfar acmhainní a dhíriú ar chur i bhfeidhm na CT. Beidh béim bhreise ar thorthaí inmheasta a sheachadadh. Dá bhrí sin beidh béim níos mó sna socruithe tacaíochta don bhliain 2010/11 ar;

i. Torthaí inmheasta a sheachadadh maidir le seachadadh cúrsaí;

ii. Cuntasacht maidir le húsáid airgid phoiblí; agus

iii. Spriocanna dúshlánacha agus insroicthe a leagan síos agus béim shoiléir ar 2013.

De réir scéim Bainistíocht Áitiúil Scoileanna (LMS), faigheann Bord Gobharnóirí gach scoil deontaschúnta buiséad tarmligthe leis na costais a chomhlíonadh a bhaineann le rochtain ar an churaclam a sholáthar do dhaltaí sa scoil sin. Tá maoiniú tacaíochta na CT sa bhreis ar mhaoiniú LMS agus leithdháiltear é ar an tuiscint go mb'fhéidir go mbeidh costais bhreise ag baint le pleanáil agus le seachadadh curaclaim mhéadaithe trí chomhoibriú. Beidh sé de dhualgas ar an scoil a bheith cuntasach faoi úsáid na n-acmhainní breise agus na torthaí feiceálacha agus inmheasta a léiriú ón mhaoiniú sin.

### Tacaíocht dhíreach do scoileanna sa bhliain 2010/11:

Beidh trí ghné le tacaíocht CT i 2010/11

i. Gné an mhéadaithe fheidhmigh[2]

Gheobhaidh scoileanna a mhéadaigh líon na gcúrsaí feidhmeacha atá ar fáil (ag déanamh comparáide idir sonraí iniúctha 2009/10) £1k sa bhreis in aghaidh an chúrsa, suas le huasmhéid de £5k[3]. Is é an aidhm atá leis seo na tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do scoileanna a bheidh ag pleanáil go gníomhach agus súil ach an CT a sheachadadh faoi 2013.

ii. Foirmle Iniúchta

Baineann an leibhéal maoinithe a leithdháiltear ar scoileanna faoin ghné seo go díreach le líon na gcúrsaí a bheidh ar fáil go comhoibríoch, nádúr na gcúrsaí seo (feidhmeach/ginearálta) agus líon na ndaltaí a bheidh á nglacadh mar a bhfuil taifead déanta orthu ar iniúchadh ar líne na CT. Beidh ualú na gcúrsaí a bheag nó a mhór mar a bhí i 2009/10 seachas na heisceachtaí seo a leanas:

- Ráta in aghaidh na huaire agus ardú boilscithe aige go **£68**.
- Maoineofar cúrsaí a chuirfear isteach do dhaltaí ráiteasaithe i scoileanna príomhshrutha ag leibhéil eile seachas ag Leibhéal 1/2 ag EC4 agus leibhéal 3 ag iar-16.
- Déanfar an ghné chúrsa nua seo don dara bliain ag EC4 agus ag iar-16. Gheobhaidh scoileanna leithdháileadh sa bhreis i 2010/11 mar gheall ar sholáthar nua a chuirfear ar fáil go comhoibrítheach agus a nglacfaidh 2 scoil nó níos mó leo den chéad uair i mBliain 11 agus 13 (ní mór don chúrsa a bheith nua sa dá scoil do bhliain 10/11). Ní bheidh cúrsaí nua a bheidh á dtairiscint trí bhreisoideachas nó trí sholathróir eile i dteideal maoinithe faoin ghné seo má bhíonn siad á reáchtáil ag 2 scoil nó níos mó ag comhoibriú le chéile.

[2] Glacfaidh sé seo ionad na gné roimhe seo Forbartha Inscoile

[3] Beidh leithdháileadh de £3k ag Scoileanna Speisialta mar ní bheidh teacht acu ar an leithdháileadh foirmle-bhunaithe sa bhliain 2010/11

Féach Iarscríbhinn 3.2 le tuilleadh sonraí a fháil faoi fhoirmle bhonnlíne iniúchta na CT.

iii. Gné Chomhoibritheach:

Tá an ghné seo dírithe ar na scoileanna sin atá ag glacadh páirte go gníomhach in PFC.. Tá sé mar aidhm aige tacú le coincheap an PFC agus cinnte a dhéanamh de go nglacfaidh scoileanna san áireamh an soláthar áitiúil atá ann faoi láthair agus pleananna acu an tairiscint churaclaim a leathnú ionas nach mbeidh dúbláil ann nach mbeidh gá léi. Ó 2010/11 ar aghaidh, bogfaidh an RO ar shiúl ó leithdháileadh réamhshocruithe “in aghaidh na scoile” chuig cur chuige bunaithe ar fhoirmle. Is í an réasúnaíocht atá leis seo ná dá mhéad an bhaint atá ag an scoil le seachadadh comhoibritheach, is mó is dóichí a bheidh na costais a bhaineann le PFC.

- Sna blianta 2010/11, gheobhaidh scoileanna £6K[4] an scoil (faoi réir phlean Gníomhaithe comhaontaithe PFC; féach thíos) agus gné sa bhreis leithdháilte ar bhonn cúrsa, bunaithe ar líon na gcúrsaí a sheachadfar go comhoibritheach, a fhad le huasmhéid £4k. Is féidir le scoileanna dá bharr leithdháileadh iomlán **a fhad le £10k** a fháil faoin ghné Chomhoibritheach sna blianta 2010/11. **Déanfar an ghné chomhoibritheach seo a phíolótú sna blianta 2010/11 ar £1000 ar gach cúrsa a sheachadfar mar gheall ar chomhoibriú scoile/scoileanna nó trí chomhoibriú le coláiste breisoideachais nó TO.**

- Is é an rún atá ann an ghné in aghaidh na scoile a laghdú sna blianta 2011/12 chuig 3K agus faoi 2012/13 beidh gach cuid den ghné Chomhoibritheach bainteach leis an leibhéal de ghníomhaíocht chomhoibritheach ina mbeidh scoileanna páirteach.

Ardófar leithdháileadh roinnt scoileanna faoin ghné seo i gcomparáid le blianta roimhe seo, as siocair go bhfuil siad páirteach i mórsheachadadh cúrsaí comhoibritheacha. Gheobhaidh siad siúd nach mbeidh seachadadh comhoibritheach nó níos lú seachadadh comhoibritheach ar bun acu níos lú, go háirithe sna blianta ina

[4] Beidh leithdháileadh suas le £10k ag Scoileanna Speisialta as siocair nach mbeidh rochtain acu ar an leithdháileadh bunaithe ar fhoirmle sna blianta 201011 (féach alt X thuas)

dhiaidh sin de réir mar a ardófar an leibhéal maoinithe bunaithe ar fhoirmle.

Mar ar cuireadh béim air thuas, léiríonn sé seo bogadh ón chur chuige maidir le tógáil toillte chuig ceann a bheidh dírithe ar chúrsaí a sheachadadh do dhaltaí. **Mar is amhlaidh le gach gné de thacaíocht CT, tá sé tábhachtach go n-aithneoidh scoileanna a ndualgais maidir le húsáid chuí an mhaoinithe tharmligthe seo agus gur orthu féin a thitfidh an phríomhfhreagracht seo i leith a úsáide.**

Mar ab amhlaidh le blianta roimhe, níor chóir do scoileanna tarraingt a dhéanamh ach ar an leibhéal maoinithe a fhreagróidh an caiteachas réamh-mheasta a bhainfidh le ballraíocht PFC agus a bhfuil mionchur síos déanta air i rannán airgeadais an Phlean Ghníomhaithe. Ní féidir an ghné seo den mhaoiniú a úsáid ach le tacú le ballraíocht PFC agus ní ranníocaíocht bhreise é i dtreo na gcostas a bhainfidh le seachadadh cúrsa.

Is féidir le scoileanna rochtain a fháil ar an ghné Chomhoibritheach a luaithe agus a bheidh comhaontú ann faoi Phlean Gníomhaithe PFC agus ainm curtha leis trí láithreán Gréasáin an iniúchta.

## Scoileanna Speisialta agus Daltaí SEN sa Phríomhshruth

Don bhliain 2010/11 scáthánóidh na socruithe do scoileanna Speisialta iad siúd do 2009/10 agus maoiniú Forbartha[5] agus Comhoibrithe á leithdháileadh ar aon dul le maoiniú leithdháilte mar rannaíocaíocht le seachadadh cúrsa bunaithe ar ardú mhaoiniú na bliana seo caite. Nuair a mheasann scoil speisialta faoi leith go bhfuil ardú tagtha ar leibhéal an tsoláthair chomhoibrithigh chuig leibhéal atá níos airde ná mar a cheadaíonn an t-ardú seo, ba chóir di sonraí a chur ar aghaidh chuig Oifigigh Forbartha na CT cuí le haghaidh breithniú. Do scoileanna príomhshrutha a bhfuil daltaí ráiteasaithe acu ar an iniúchadh ar líne, déanfar maoiniú foirmle tacaíochta na CT a thriail ar leibhéil eile seachas Leibhéal 2 ag EC4 agus leibhéal 3 ag iar-16. Déanfaidh an RO dianmhonatóireacht ar an triail seo agus súil aige go ndéanfar polasaí a fhoirmiú do 2011/12/

[5] Féach fonóta 3

## 2.2 Pleananna Gníomhaithe PFC

Faoi mar a tharla i 2009/10 soláthrófar teimpléad éigeantach ar láithreán Gréasáin na hiniúchta. Tá teimpléad 2010/11 mórán mar an gcéanna le teimpléad 2009/10 agus tá scoileanna ag plé leis le cúpla mí anuas. **Don bhliain 2010/11 líonfaidh RO an teimpléad le Tosaíochtaí Straitéiseacha agus imlíneoidh siad spriocanna SICRU is gá a shonrú i bpleananna deiridh PFC, agus is gá leithdháileadh an Chomhoibrithe a chaitheamh orthu (féach Iarscríbhinn 3.4 le haghaidh tuilleadh sonraí)**. Tá na tosaíochtaí Straitéiseacha a shainaithníonn RO éigeantach, ach tá saoirse ag PFC tosaíochtaí breise atá ag teacht le riachtanais a gceantair féin a shainaithint agus iad seo a lua sna pleananna deiridh. Ar an dul céanna, is ionann foclaíocht na spriocanna i dteimpléad an phlean ghníomhaithe éigeantaigh agus an íosmhéid a éilíonn an Roinn chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil an maoiniú comhoibrithe á úsáid ar bhealach éifeachtach.

Tig le Scoileanna/PFC a sainfhoclaíocht féin a úsáid sna spriocanna seo acu, agus cur leo de réir mar is gá, ach ba chóir go mbeadh gach sprioc SICRU agus ba chóir iad a shainaithint trí anailís chuimsitheach agus dian a leanstan ar stádas reatha an PFC. Ba chóir go ndíreofaí spriocanna ar:

- Cúrsaí a bheidh le seachadadh trí chomhoibriú ó Mheán Fómhair 2010;
- Réimse na gcúrsaí atá le seachadadh i 2011 agus ar aghaidh a leathnú le spriocanna a aimsiú faoi 2013;
- Céadatán chohórt EC4 (agus iar-16) a bheidh ag tabhairt faoi chúrsaí feidhmeacha;
- Gnóthachtáil/agus dul chun cinn (ní amháin rochtain), ag nascadh spriocanna PSA nuair is cuí; agus
- Forbairt chumas na foirne sa PFC a comhfhreagracht a thuiscint leis na torthaí is fearr do dhaoine óga a sheachadadh  sa PFC trí chur i bhfeidhm na CT.

Beidh RO ag coinneáil súil ghéar, áfach, ar cad é mar a éiríonn leo na bunriachtanais sainaitheanta a chur i gcrích chomh maith leis an méid a shaineofar na gníomhaíochtaí seo i bpleananna Gníomhaithe scoileanna faoi leith. Caithfear ainm a chur leis na pleananna faoi dheireadh théarma samhraidh 2010 chun deis a thabhairt do RO na pleananna a scrúdú agus soiléiriú/leasuithe a lorg de réir mar is gá. Ba é ceann de na príomhghníomhaíochtaí a d'iarr an tAire i ndiaidh fhoilsiú an TTE go ndéanfadh an RO agus na forais tacaíochta athbhreithniú ar dhul chun cinn scoileanna go dáta agus a gcuid pleananna le seachadadh na CT as seo amach.

Mar is eol do scoileanna, thug RO aiseolas ar a gcuid pleananna Gníomhaithe 2009/10 do gach PFC, lenar áiríodh réimsí le haghaidh tuilleadh forbartha i 2010/11. Ag tús théarma an Fhómhair, soláthróidh an RO tuilleadh aischothaithe ar phleananna Gníomhaithe 2010/11 ag brath ar an dóigh ar thug siad faoi na spriocanna éigeantacha. Tosóidh scoileanna ar a bpleananna a chur i bhfeidhm ó Mheán Fómhair 2010 ar aghaidh agus beidh RO/Oifigigh Forbartha in ann monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus caiteachas.

Mar ab amhlaidh i 2009/10, nuair nach dtéann pleananna i ngleic mar is cuí le riachtanais na treorach seo, déanfaidh an Roinn teagmháil leis na scoileanna i PFC go díreach lena chinntiú go ndéanfar pleananna a athrú de réir mar is cuí.

**Tá rochtain ag PFC anois ar leaganacha ar-líne de Phlean Feidhmiúcháin CT ó shuíomh idirlín na hiniúchóireachta CT ag** www.efaudit.org/site/

## Freagracht agus luach ar airgead

Beidh na pleananna seo mar aon leis na sonraí a eascraíonn ó Iniúchóireacht Ar-líne CT anois ar an phríomh-mhodh le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo na CT agus an príomh-mhodh trína gcomhlíonfaidh scoileanna, údaráis bainistíochta agus RO a bhfreagrachtaí i dtaca leis an mhaoiniú a dháiltear trí thacaíocht CT mar ba chóir. Mar a luadh thuas, tá rochtain ag Cigirí Ceantair ar Phleananna Gníomhaíochta na bPFC ar fad agus ar chodanna de shonraí ar-líne na hiniúchóireachta ar-líne. Diaidh ar

ndiaidh, ligfidh seo dóibh faisnéis faoi sholáthar reatha curaclaim na scoileanna a fhothú sa phróiseas iniúchta. Beidh sé riachtanach, ar ndóigh, go léireofar gach sprioc agus straitéis atá léirithe i bPleananna Gníomhaithe PFC i bPleananna Forbartha scoileanna faoi leith. Mar shampla, ba chóir go ndéanfaí obair feabhais i scoileanna a mbeifí ag tabhairt fúithi ar bhonn comhoibritheach leis an PFC a chomhtháthú le pleananna forbartha na scoile sna scoileanna faoi leith.

Tá teacht ar imlíne d'amchlár gníomhaíochta agus leithdháiltí do shocruithe tacaíochta 2010/11 in Iarscríbhinn 3.5.

# RANNÁN 3: IARSCRÍBHINNÍ


## IARSCRÍBHINN 3.1: Creatlach Polasaí RO

- Fócas soiléir ar fheabhsú spriocanna, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht

- Cúig "Cholún" Oideachasúla:-
  - Ag Ardú Caighdeán do Chách
  - Ag Feabhsú Rochtana agus Cothromais
  - Ag Forbairt an Lucht Oibre
  - Ag Feabhsú na Timpeallachta Foghlama
  - Ag Claochlú Bainistíochta agus Rialaithe

- Polasaithe chun tacú le gach colún:

### Eochairpholasaithe do Scoileanna



## IARSCRÍBHINN 3.2 : MÍR Iniúchta Ar-Líne Ct – Foirmle Bhonnlíne

Sainmhíníonn Ciorclán RO 2007/23 cúrsa ag ECH4 agus Iar-16 agus cinneann na sainmhínithe seo líon na n-uaireanta teagaisc dírithe a mhaoineoidh RO. Socraíodh bunráta na foirmle ar na boinn tuisceana seo a leanas:

- Le go n-aireofaí iad sa CT bíonn uaireanta sainithe d'fhoghlaim faoi threoir ag cúrsaí
  - Ní mór 160 uaireanta foghlama faoi threoir (ufft) ar a laghad thar 2 bhliain bheith i gcúrsa Leibhéal 2 ag EC4 RO ghnáth; agus
  - Ní mór 320 ufft ar a laghad thar 2 bhliain bheith i gcúrsa Leibhéal 3 ag Iar-16 RO ghnáth.
- Tá meánráta £68 san uair in earnáil an Bhreisoideachais bunaithe ar mheánmhéid ranga RO 14 dalta;
- Bíonn cúrsaí feidhmeacha praiticiúil de ghnáth, ba chóir go gcloífeadh siad leis na treoirlínte faoi Mhéid Ranga in Ábhair Phraiticiúla.
- Is iondúil go mbíonn cúrsaí feidhmeacha praiticiúil ó nádúr agus ba chóir go mbeadh siad ag feidhmiú laistigh de na treoirlínte ar Mhéid Ranganna in Ábhair Phraiticiúla
- Nuair is cáiliúchán dúbailte nó triarach atá i gceist gheobhaidh siad a dhó nó a thrí oiread na gné ábhartha (féach suíomh idirlín na hiniúchóireachta le haghaidh mionsonraí).

### Foirmle Bhonnráta

**EC4** -160ufft x £68 / 2 /14= £388.57 Slánaithe go **£389** an dalta

**16 +** -320ufft x £68 / 2 /14 = £777.14 Slánaithe go **£777** an dalta

**Léiríonn an tábla ar an chéad leathanach eile na tosca ualaithe do chineálacha agus modhanna soláthair mar aon le luach slánaithe airgeadais bunaithe ar na tosca ualaithe sin.**

Iarscríbhinn 3.2 ar lean Tosca Ualaithe

| | | Cúrsaí Ginearálta | | | Cúrsaí Feidhmeacha | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Soláthar** | **U/R** | **Toisc** | **Luach Airgeadaíochta in aghaidh an Dalta (£)** | | **Toisc** | **Luach Airgeadaíochta in aghaidh an Dalta (£)** | |
| | | | **ECH4** | **Iar-16** | | **ECH4** | **Iar-16** |
| **A Scoil Féin** | U | **0.00** | 0.00 | 0.00 | **0.00** | 0.00 | 0.00 |
| | R | **0.00** | 0.00 | 0.00 | **0.00** | 0.00 | 0.00 |
| **Scoil Eile Onnmhairiú** | U | **0.125** | 49.00 | 97.00 | **0.25** | 97.00 | 194.00 |
| | R | **0.150** | 58.00 | 117.00 | **0.30** | 117.00 | 233.00 |
| **Óstscoil Allmhairiú** | U | **0.25** | 97.00 | 194.00 | **0.50** | 194.00 | 389.00 |
| | R | **0.30** | 117.00 | 233.00 | **0.60** | 233.00 | 466.00 |
| **BO/TO (Lán-sholáthar)** | U | **0.25** | 97.00 | 194.00 | **1.00** | 389.00 | 777.00 |
| | R | **0.30** | 117.00 | 233.00 | **1.20** | 467.00 | 932.00 |
| **BO/TO (Páirt-sholáthar)** | U<br>R | Nasc díreach le % den pháirt-sholáthar | Nasc díreach le % den pháirt-sholáthar | Nasc díreach le % den pháirt-sholáthar | Nasc díreach le % den pháirt-sholáthar | Nasc díreach le % den pháirt-sholáthar | Nasc díreach le % den pháirt-sholáthar |

## IARSCRÍBHINN 3.3 Maoiniú Comhoibrithe: Samplaí Oibrithe

Comhoibríonn Scoil 'A' le scoil eile i mBliain 13 ar 2 chúrsa Ghinearálta agus 1 chúrsa Feidhmeach.

Is ionann an t-uasleithdháileadh agus £1,000 x 1 = £1,000 plus £6,000 = **£7,000**

Comhoibríonn Scoil 'B' le BO i mBliain 14 ar 3 chúrsa Fheidhmeacha agus i mBliain 12 le hEagraíocht Traenála ar 2 chúrsa Ghinearálta.

Is ionann an t-uasleithdháileadh agus £1,000 x 3 = £3,000 plus £6,000 = **£9,000**

Comhoibríonn Scoil 'C' le scoil eile i mBliain 11 ar 1 chúrsa Ginearálta, i mBliain 13 ar 5 chúrsa Ghinearálta agus i mBliain 14 ar 2 chúrsa Fheidhmeacha. Comhoibríonn an scoil fosta le BO i mBliain 13 ar 3 chúrsa Fheidhmeacha agus le hEagraíocht Traenála i mBliain 13 ar 1 chúrsa Feidhmeach.

Is ionann an t-uasleithdháileadh agus £1,000 x 3 móide £1,000 x 4 móide £6,000 = **£12,000 caidhpeáilte ag £10,000**

**Gan Comhoibriú ar bith**

Ní chomhoibríonn Scoil 'D' le scoileanna eile, BO nó Eagraíochtaí Traenála.

Is ionann an t-uasleithdháileadh agus **£6,000**

**Le haghaidh tuilleadh eolais faoi na huasleithdháiltí atá ar fáil sa PFC seo agat féin féach suíomh idirlín na hiniúchóireachta Ar-líne CT www.efaudit.org/site/**

## IARSCRÍBHINN 3.4 Imlíne Teimpléid an Phlean Ghníomhaithe

**Tugtar faoi deara go bhfuil an teimpléad iomlán ar fáil anois ó shuíomh idirlín na hiniúchóireachta CT www.efaudit.org/site/ Iarscríbhinn Plean Gníomhaithe na Creatlaí Teidlíochta**

### Rannán 1: Sonraí faoi Phobal Foghlama Ceantair

Ainm: ……………………………………………

Comhpháirithe: …………………………………………… ……………………………………………

…………………………………………… ……………………………………………

…………………………………………… ……………………………………………

…………………………………………… ……………………………………………

…………………………………………… ……………………………………………

Cathaoir: ……………………………………………

Ríomhphost: ……………………………………………

Teil: ……………………………………………

Príomhoifigigh CT: ……………………………………

## Rannán 2: Measúnacht ar Phlean Gníomhaithe Pobail Foghlama Cheantair 2009-2010[6]

| Spriocanna 2009/10 | Measúnacht/Fianaise | Úsáid maoinithe ghaolmhair | Réimsí i leith forbartha le tabhairt ar aghaidh chuig 2010/11 |
|---|---|---|---|
| | | | |

[6] Ba chóir go mbeadh measúnú ar an méid ar baineadh spriocanna amach leis an chúrsa a sheachadadh ag gach leibhéal scoile.

## Rannán 3: Tosaíochtaí Straitéiseacha Riachtanacha do 2010 go 2013

| | |
|---|---|
| **Tosaíocht Straitéiseach 1: Forbairt Curaclaim** | *'Tairiscint churaclaim a fhorbairt agus a sholáthar a thagann le riachtanais an duine aonair agus an gheilleagair araon chomh maith le riachtanais an Chreata Theidlíochta faoi 2013 ar bhealach struchtúrtha agus céimnithe'* |
| **Tosaíocht Straitéiseach 2: Forbairt an Chomhoibrithe** | *'Socruithe comhoibrithe atá comhtháite, inmharthana, costéifeachtach agus a thagann le riachtanais an duine aonair agus an Chreata Theidlíochta a fhorbairt agus a sholáthar, chomh maith le luacháil a dhéanamh ar an ról is féidir bheith ag an ríomhfhoghlaim'* |
| **Tosaíocht Straitéiseach 3: CEAIG** | *'Clár gairmthreorach a fhorbairt agus a sholáthar a chuidíonn le daoine roghanna measta a dhéanamh faoi na cúrsaí agus na cosáin atá ar fáil dóibh agus a fhreastalaíonn ar a riachtanais phearsanta'* |
| **Tosaíocht Straitéiseach 4: Forbairt PFC agus Cumarsáide** | *'Struchtúir iontaofa ceannaireachta, bainistíochta, comhordaithe, cur i ngníomh, monatóireachta, forbartha foirne, agus déanamh cinntí a fhorbairt laistigh den PFC'* |

## Rannán 4: Teimpléad Éigeantach le haghaidh 2010/11 Gníomhaíochtaí

| Tosaíochtaí Straitéiseacha Éigeantacha | Cuspóirí SICRU CT atá le baint amach<br>**(Cáilíochtúil agus Cainníochtúil)**<br>**Cén ceann scríbe atá romhainn?** | Critéir Ratha<br>Cad é mar a bheidh a fhios againn go bhfuil ár gceann scríbe bainte amach againn?<br>(Cáilíochtúil agus Cainníochtúil) | Cur chuige le húsáid/ bearta le déanamh | **Curtha i ngníomh ag** | **Monatóireacht agus Luacháil**<br>**(go háirithe torthaí do dhaoine óga)** |
|---|---|---|---|---|---|
| | Faoi XX 2010 déan forbhreathnú agus luacháil ar an soláthar reatha curaclaim don CT laistigh den PFC. | | | | |
| 1 | Faoi XX 2010 aimsigh bearnaí sa tairiscint churaclaim agus féach cad é mar is féidir na bearnaí seo a líonadh chun riachtanais an CT a chomhlánú, agus béim ar leith ar mhéadú na gcúrsaí feidhmeacha. | | | | |
| | Faoi XX 2010, tá gach scoil laistigh den PFC tar éis cuspóirí a aithint agus a leagan amach chun an CT a sholáthar faoi 2013 | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 2 | Faoi XX 2010 déan forbhreathnú agus luacháil ar na socruithe reatha comhoibrithe laistigh den PFC le béim ar leith ar aimsiú dúbailte soláthair agus ranganna atá neamh-inmharthana go heacnamaíoch agus fiosraigh acmhainneacht na ríomhfhoghlama. | | | | |
| | Faoi XX 2010, aimsigh aon bhacainní le méadú comhoibrithe msh. socruithe amchláir, agus réitigh thaistil agus bealaí chun dul i ngleic leis na bacainní sin. | | | | |
| 3 | Faoi XX 2010, soláthair luacháil ar an soláthar reatha gairmthreorach do dhaltaí ECH 4 agus Iar-16. | | | | |
| | Faoi XX 2010, forbair ról na múinteoirí gairmthreorach i soláthar comhairle éifeachtaí do dhaltaí, don fhoireann agus do thuismitheoirí. | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **4** | Faoi XX 2011, bunaigh straitéisí cumarsáide le fócas ar leith ar cheannaireacht, bainistíocht, comhordú, monatóireacht, forbairt foirne agus socruithe déanta cinntí laistigh den PFC. | | | | |
| Tosaíochtaí eile a ainmníonn an PFC | Sprioc I | | | | |
| | Sprioc II | | | | |

Rannán 5: Tuilleadh sonraí faoi líon na gcúrsaí a bheidh le seachadadh ón Mheán Fómhair 2009 agus dul chun cinn i dteo sheachadadh na CT

| Scoil | 2009/10 | | 2010/11 | | 2011/12 | | 2012/13 | | 2013/14 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Feidhmeach | Ginearálta | Feidhmeach | Feidhmeach | Ginearálta | Feidhmeach | Ginearálta | Feidhmeach | Ginearálta | Feidhmeach |
| Scoil A | | | | | | | | | | |
| Scoil B | | | | | | | | | | |
| Scoil C | | | | | | | | | | |
| Scoil D | | | | | | | | | | |

## Rannán 6: Leithdháileadh Acmhainní

| Scoil | Tosaíocht 1 | Tosaíocht 2 | Tosaíocht 3 | Tosaíocht 4 | Iomlán le leithdháileadh ar gach scoil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Scoil A** | | | | | |
| **Scoil B** | | | | | |
| **Scoil C** | | | | | |
| **Scoil D** | | | | | |

**Le sonraí a fháil faoin leithdháileadh bunúsach atá ar fáil do na scoileanna i do PFC, téigh chuig láithreán Gréasáin Iniúchadh Ar Líne na CT www.efaudit.org/site/**

## IARSCRÍBHINN 3.5: Amchlár Gníomhaíochtaí Agus Leithdháileadh Maoinithe

| Dáta | Gníomhaíochtaí |
|---|---|
| Meitheamh 2010 | • Eisítear treoir agus meastachán ar Leithdháileadh Tacaíochta CT bunaithe ar eisiúintí Iniúchóireachta 2009/10 do scoileanna.<br>• Déanann scoileanna machnamh ar an leithdháileadh agus díríonn siad aird na nOifigeach Forbartha cuí ar cheisteanna ar bith atá acu.<br>• Déanann RO machnamh ar cheisteanna ar bith a thógann scoileanna.<br>• Déanann PFC athbhreithniú ar dhul chun cinn agus aontaíonn siad tosaíochtaí leasaithe agus cuspóirí straitéiseacha a ghabhann leo do 2010/11, 2011/12 agus 2012/13.<br>• Teimpléid ar fáil ar-líne do scoileanna le gur féidir leo tosú ar Phlean Feidhmiúcháin CT.<br>• Faigheann scoileanna Foirmle CT agus leithdháiltí Forbartha Inscoile.<br>• Tugann PFC pleananna gníomhaíochta costáilte chun críche agus iarann gach scoil aonair daingniú ó BnaG.<br>• Comhlánaíonn scoileanna aonair agus PFC an Iniúchóireacht Ar-líne agus pro-forma an Phlean Fheidhmiúcháin CT. |
| Meán Fómhair 2010 | • Tugann RO aiseolas ar phleananna do PFC agus lorgaíonn siad soiléiriú de réir mar is gá.<br>• Leithdháileadh Ghné Comhoibrithe Dheontas Tacaíochta CT do scoileanna a luaithe agus a chríochnaítear na pleananna gníomhaíochta. . |
| Deireadh Fómhair 2010 | • Athosclaíonn agus druideann Iniúchóireacht CT<br>• Leithdháileadh Ghné Cúrsa Nua Dheontas Tacaíochta CT de réir mar is cuí. |

## IARSCRÍBHINN 3.6: Ceisteanna Coitianta

C: Cén chomhairle agus tacaíocht a bheidh ar fáil do scoileanna agus PFC agus iad ag dearadh a bpleananna do 2009/10?

F: Beidh RO go fóill ag maoiniú ELBs, CCMS, NICIE agus CnaG chun Oifigigh Forbartha CT a sholáthair a mbeidh croídhualgais orthu:

- Cuidiú le scoileanna agus PFC i dtreo soláthar CT trí sheirbhís comhairliúcháin, tacaíochta agus dushláin a chur ar fáil do scoileanna aonair agus PFC
- Cuidiú le scoileanna agus PFC monatóireacht agus luacháil a dhéanamh ar an soláthar reatha agus iniúchóireacht a úsáid chun aird a tharraingt ar bhearnaí sa soláthar.
- Acmhainní a úsáid go héifeachtach agus cuidiú le scoileanna déanamh amhlaidh.

C: Cad é ba chóir bheith i CLS?

A: Ní mór Comhaontú Leibhéal Seirbhíse a bhunú sula gcuirtear tús leis an soláthar comhoibritheach. Cuireann Airteagal 21 d'Ord (Tuaisceart Éireann) Oideachais 2006[7] ar chumas scoileanna socruithe a dhéanamh go soláthróidh institiúid Bhreis-Oideachais nó soláthraí eile meánoideachas ar son scoile. Tá socruithe den chineál seo faoi réir comhaontú scríofa agus ní mór go n-áirítear mionsonraí sainiúla ar cheisteanna ar a n-áirítear tréadchúram, caighdeán an tsoláthair, an bunús atá le costais ar bith atá le tabhú nó le gearradh nó ceisteanna ar bith eile atá riachtanach, dar le Bord na nGobharnóirí. Déanfaidh RO iarracht a chinntiú go bhfuil cur chuige leanúnach i gceist maidir leis an cheist seo agus ba chóir go gcinnteodh scoileanna go bhfuil na doiciméid seo ar fáil sa scoil más gá am ar bith le linn na scoilbhliana. http://www.deni.gov.uk/2005_18-entitlement_framework-initial_guidance.pdf.

7 Féach Ciorcláin RO 2007/20 and 2007/06 le haghaidh tuilleadh eolais.

### C: An bhfuil cur síos poist ar fáil do chomhordaitheoirí PFC agus cén tuarastal ba chóir a dhíol leo?

F: Tá cur síos poist coiteann do chomhordaitheoirí PFC á dhréachtú faoi láthair agus tá súil ag RO treoir mhionsonraithe a chur ar fáil roimh i bhfad. **Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gur chóir go mbeadh aon chonarthaí fostaíochta/comhaontaithe conarthacha a rinneadh cheana féin ag teacht le nósanna imeachta fostaíochta reatha agus gur chóir go mbeadh cur síos soiléir poist agus torthaí/cuspóirí aontaithe soláthair ag gabháil leo**. Agus comhordaitheoirí PFC á gceapadh, ba chóir cuimhneamh ar chineál agus ar mhéid na tacaíochta atá de dhíth, m.sh. tacaíocht oideachasúil nó riaracháin, lánaimseartha nó páirtaimseartha. Ba chóir do PFC machnamh a dhéanamh ar inmharthanacht post ar bith a líontar i ngeall ar an éiginnteacht faoi socruithe maoinithe a luadh thuas.

Cé nach bhfuil sé ar chumas RO saintreoir a thabhairt faoi thuarastal comhordaitheoirí, moltar uasmhéid **£45 míle sa bhliain** (cothrom le múinteoir ar 2 phointe freagrachta) le costais pháirtaimseartha nó scoilbhliana ar bhonn pro-rata. Maidir le ceapadh riarthóra, moltar uasmhéid **£20 míle sa bhliain** do phost lánaimseartha le costais pháirtaimseartha nó scoilbhliana ar bhonn pro-rata arís.

### C: An bhfuil cúrsaí breacsholais inghlactha mar bhealach chun soláthar a mhéadú?

F: Aithníonn RO go bhféadfadh soláthar lasmuigh de ghnáthuaireanta scoile bheith ina réiteach áisiúil, i gcásanna áirithe, do scoileanna atá ag iarraidh cur lena dtairiscint churaclaim. Ach ar chúiseanna éagsúla (lena n-áirítear costais bhreise taistil mar shampla) níor chóir go mbeadh sé seo ar an chéad rogha nó an rogha is fearr ag scoileanna, agus ní mór gach féidearthacht a fhiosrú ar dtús chun féachaint chuige nach mbeidh ar dhaltaí cúrsaí a ghlacadh lasmuigh den ghnáthlá scoile.

## C: Cad é mar a aithneofar an struchtúr aonadach le haghaidh Staidéar Gairme faoin CT?

F: Cé go n-aithneofar agus go maoineofar na 6 cháiliúchán ar fad faoin CT, níor mhaith leis an Roinn go dtiocfadh na socruithe nua salach ar an tairiscint fheidhmeach i scoileanna. Déanfaidh RO monatóireacht ar na socruithe sa bhliain atá romhainn, agus más gá cuirfear srian leis an líon uaireanta gur féidir SG a chur san áireamh sna 24 cúrsa a éilítear. Cuirtear i bhfios go tréan go bhfuil na socruithe reatha sealadach agus faoi réir an athbhreithnithe ar an cháiliúchán atá idir lámha ag CCEA faoi láthair.

## C: Cad é mar a aithnítear Eagraíochtaí Traenála faoin CT?

F: Tá ról tábhachtach ag Eagraíochtaí Traenála i méadú na tairisceana feidhmí curaclaim do dhaltaí agus tacóidh RO leis an soláthar seo go fóill i 2010/11. Cé go bhfuiltear ag súil le samhlacha nuálaíocha agus cruthaitheacha comhoibrithe i soláthar an CT amach anseo, is ar scoileanna aonair a thitfidh an fhreagracht phríomhúil chun féachaint chuige go bhfuil socruithe comhoibrithe ar bith a dhéantar oiriúnach do na daltaí atá i gceist agus go gcomhlíontar na caighdeáin riachtanacha cáilíochta agus tréadchúraim. Seo a leanas roinnt de na ceisteanna ba chóir do scoileanna bheith in ann a fhreagairt:

- An bhfuil an scoil sásta gur féidir na riachtanais reachtaíochta, go háirithe na cinn a thagann faoi Airteagail 21 agus 35 den Ord (TÉ) Oideachais 2006, a shásamh?
- An bhfuil do scoil sásta go mbeidh cáilíocht an tsoláthair ar chaighdeán ard go leor. Go háirithe, an bhfuil na hacmhainní a mbeifí ag súil leo san earnáil sin ag an eagraíocht chun go mbeidh siad ábalta cláir fheidhmeacha/ghairmoideachais a sholáthar?
- An bhfuil taithí ag an fhoireann léachtóireachta/teagaisc ar chláir ghairmoideachais a sholáthar, nó an bhfuil siad oilte mar mheasúnóirí agus cleachta le cuspóirí a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus mionsonraí a sholáthar don scoil faoi dhul chun cinn?

- An bhfuil do scoil sásta go bhfuil na hacmhainní acu chun féachaint chuige go sásaíonn sí na riachtanais sláinte agus sábháilteachta le haghaidh oideachas a thabhairt do dhaoine óga?

- An bhfuil do scoil sásta go bhfuil árachas ag na hEagraíochtaí Traenála a chlúdaíonn na teagascóirí/léachtóirí agus iad i mbun teagaisc agus an mbeadh na teagascóirí/léachtóirí clúdaithe ag na ceardchumainn chuí sa chás go dtógfaí cás ina n-éadan?

Léiríonn na ceisteanna thuas an tábhacht a bhaineann le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse cuimsitheach bheith socraithe sula dtugtar faoin soláthar.

## C: Cén fáth nach gclúdaíonn mo leithdháileadh mo chostais taistil go hiomlán?

F: Amharctar ar leithdháileadh na foirmle CT mar ranníocaíocht i dtreo na gcostas a bhaineann le soláthar a mhéadú trí chomhoibriú. Is éard atá i gceist leis na sainmhínithe Uirbeach/Tuaithe a úsáidtear faoi láthair agus na difríochtaí ualaithe a ghabhann leo nó iarracht na difríochtaí idir eispéireas na scoileanna a aithint. Tuigimid, áfach, nach samhail bheacht í seo agus beidh RO ag amharc ar bhealaí chun an fhoirmle a chur in oiriúint don bhliain 2011/12. Is cuma cén leibhéal maoinithe a dháiltear, ní mór do scoileanna féachaint chuige i gcónaí go n-úsáidtear acmhainní ar an bhealach is costéifeachtaí agus is féidir agus go bhfiosraítear modhanna éagsúla agus samhlaíocha – ríomhfhoghlaim mar shampla, nó múinteoirí a bhogadh in ionad daltaí.

## C: Cad é mar a thacófar le Meánscoileanna Sóisearacha?

F: Aithníonn an Roinn an ról tábhachtach is féidir bheith ag Meánscoileanna Sóisearacha ina PFC, go háirithe i dtaca le comhleanúnachas soláthair a thabhairt don aistriú ó ECH3 go dtí ECH4 agus i gcásanna áirithe ag cur go díreach leis an soláthar. Is féidir le hobair na Meánscoileann Sóisearacha ag EC3 cur go díreach le tuiscint mhéadaithe ar sheachadadh na CT agus i gcásanna áirithe is féidir le scoileanna áirithe cur go díreach leis an soláthar méadaithe ag EC4 sa PFC. Ar mhaithe le maoiniú tacaíochta a leithdháileadh i 2009/10, sainaithníodh trí chatagóir scoileanna:

**Catagóir 1**

**Meánscoileanna Sóisearacha ina bhfuil daltaí ag Eochairchéim 3 agus Eochairchéim 4 -** déanfar na scoileanna seo a mhaoiniú ar an bhonn chéanna le gach scoil eile ina bhfuil soláthar 11-16.

**Catagóir 2**

**Meánscoileanna Sóisearacha ina bhfuil daltaí ag Eochairchéim 3 agus Aonad Speisialta ag déanamh soláthair do dhaltaí EC4 a bhfuil ráiteas SEN acu** – beidh an scoileanna seo i dteideal:

- **gné iniúctha ar líne** do chúrsaí a bhfuil rochtain déanta orthu do dhaltaí EC4 a fhad is go gcomhlíonfar coinníollacha
- **gné an mhéadaithe fheidhmigh** nuair a chomhlíonfar coinníollacha
- **gné comhoibritheach suas le £4k** bunaithe ar phlean Gníomhaithe comhaontaithe CT (féach Iarscríbhinn C) le ballraíocht an Phobail Foghlama Cheantair a éascú; agus
- **Gné Cúrsa nua** nuair a chomhlíonfar coinníollacha

**Catagóir 3**

**Meánscoileanna Sóisearacha ina bhfuil daltaí EC3 amháin** – beidh na scoileanna seo i dteideal:-

- **Leithdháileadh £2k** le tuiscint iomlán na scoilea ar an CT agus na himpleachtaí ag EC4 agus aistriú ó EC3/EC4 go Meánscoil Sinsearach a éascú; agus
- **Gné chomhoibritheach suas le £4k** bunaithe ar Phlean Gníomhaithe comhaontaithe CT (féach Iarscríbhinn C) le ballraíocht an Phobail Foghlama Cheantair a éascú.

Do chatagóirí 2 agus 3 is amhlaidh go mbeidh an ghné chomhoibritheach faoi bhreith ag an Roinn agus ag Oifigigh Forbartha na CT ionas go rachfar i ngleic mar is ceart le riachtanais na scoileanna seo.

### C: Cad é mar a ríomhfar an Ghné "Cúrsa Nua"?

F: I mí Dheireadh Fómhair/Mí na Samhna íocfar ranníocaíocht bhreise i dtreo an chostais a bhaineann le bunú soláthair nua fheidhmigh, bunaithe ar líon na ndaltaí ag ráta 7/12 de chostas bliana iomláine. Tuillfidh soláthar nua feidhmeach ECH 4 agus Iar-16 a thairgtear trí chomhoibriú an maoiniú seo, i.e. cúrsaí a thairgtear ar bhonn comhoibritheach agus a nglacann <u>2 scoil nó níos mó leo den chéad uair i mBliain 11 nó 13</u> (caithfidh an cúrsa bheith nua don dá scoil sa bhliain 10/11) agus a luaitear in iontrálacha na scoileanna in iniúchóireacht ar-líne Mhí Dheireadh Fómhair. Ní thuillfidh cúrsaí nua eile atá á dtairiscint ag BO nó soláthraithe eile maoiniú faoin ghné seo ach amháin má tá siad á reáchtáil ag 2 scoil nó níos mó atá ag comhoibriú.

### C: Cad é mar a roinnfear lárchostais PFC cosúil le tuarastail chomhordaitheoirí PFC i ndiaidh 2011/12 nuair nach mbeidh gné mhaoinithe choiteann chomhoibrithe in aghaidh na scoile ann, agus gan maoiniú ar bith ag dul do roinnt scoileanna atá ina mbaill den PFC ach nach bhfuil páirteach i gcomhoibriú?

A: Cuireadh maoiniú RO ar fáil chun comhoibriú a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do bhunú PFC beoga agus inmharthana. Mar a luadh thuas, athróidh seo go leithdháileadh foirmle-bhunaithe i ndiaidh 2012. Is faoi bhaill na PFC aonair a bheidh sé cinneadh a dhéanamh faoi cé acu an iarrfar ar scoileanna nach bhfuil páirteach i gcomhoibriú ranníocaíocht a dhéanamh le lárchostais ar nós tuarastal comhordaitheora.

### C. Cén uair ba chóir do scoileanna teagmháil a dhéanamh leis an Roinn má tá siad ag iarraidh cúrsa a thairiscint nach bhfuil ar an liosta faofa reatha don CT?

F: A luaithe agus a thugann scoil faoi deara nach bhfuil cáilíocht atá á meas acu ar an liosta faofa reatha, ní mór mionsonraí an chúrsa (go háirithe an uimhir NDAQ agus an sprioc-bhliainghrúpa) a chur ar aghaidh chuig Foireann 14-19 le gur féidir é a mheas. Is eol do RO go mbaineann roinnt scoileanna feidhm as oscailt na hiniúchóireachta ar-líne i mí Dheireadh Fómhair mar an príomh-mhodh chun cúrsaí nua a chur faoi bhráid RO. **Níor chóir go mbeadh seo amhlaidh, ba chóir go nglacfaí cinntí faoi ainmniú cúrsaí nua sula dtosaíonn cúrsaí ag tús théarma an fhómhair.**

## IARSCRÍBHINN 3.7: Tá Treoir Bhreise Ar Fáil Sna Doiciméid Seo A Leanas

**Rangú cúrsaí**

- RO 2006/24 - Approval of Qualifications and Guidance on the Classification of Courses
- RO 2007/23 - Approval of Qualifications and Guidance on the Classification of Courses

**Treoracha agus polasaithe CT**

- RO 2005/18 Entitlement Framework - Initial Guidance
- RO 2006/20 - Entitlement Framework - Further Guidance
- RO 2006/20A - Delivering the Entitlement Framework
- RO 2007/06 - The Education (2006 Order) (Commencement No.1) Order (Northern Ireland) 2007
- RO 2007/20 - The Education (2006 Order) (Commencement No.2) Order (Northern Ireland) 2007
- RO 2008/12 - Entitlement Framework Support: Guidance on Arrangements for 2008/09 school year
- RO 2009/08 - Delivering the Entitlement Framework by 2013: Guidance on Entitlement Framework Support Arrangements for Schools and Area Learning Communities
- Together Towards Entitlement - Delivering the Entitlement Framework through Area Based Planning
- Minister's Speech at Launch of TTE – October 2009

**Polasaithe Ábhartha RO**

- Every School a Good School - A Policy for School Improvement
- Schools for the Future - A Policy for Sustainable Schools
- Report of the STEM Review (Sept 2009)